FSSU
Financial Support Services Unit

# Treoirlíne Airgeadais P03 - 2022/2023

## Tuairisceán Bliantúil ar Shonraí Trádála CBL (RTD)

Caithfidh gach uile scoil atá cláraithe le haghaidh an CBL **Tuairisceán ar Shonraí Trádála** (RTD) a chomhlánú gach bliain. Bíonn sé sin dlite ag an am céanna leis an tuairisceán deireanach CBL, a chomhlánaítear ag deireadh do bhliana cuntasaíochta. D'fhormhór na scoileanna, is é sin an tuairisceán a bhaineann leis an tréimhse ó mhí Iúil chuig mí Lúnasa, a bhíonn dlite faoin 23 Meán Fómhair. Ba cheart go mbeadh beireadh na bliana cuntasaíochta CBL i gcomhréir le deireadh bhliain chuntasaíochta na scoile, arb ionann é agus an 31 Lúnasa. Chun Deireadh na bliana cúntasaíochta ó thaobh CBL de a athrú, Iarr ar na Coimisinéirí Ioncaim trí moChursaí chun e a athrú.

Má bhí tionscadal tógála nó deisithe ar bun agat i gcaitheamh na bliana, b'fhéidir gur íoc tú CBL. Murar íoc tú CBL, beidh ort tuairisceán '0' ar shonraí trádála a chur isteach fós féin. Caithfear an tuairisceán ar shonraí trádála (RTD) a chur isteach trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS).

***Seimineár Gréasáin/Físeán***

***Tá seimineár gréasáin ina léirítear conas an fhoirm VAT RTD a chomhlánú ar ROSle fáil ar ár láithreán gréasáin. Cliceáil anseo le féachaint ar an bhfíseán.***

Más é an 31 Lúnasa do dheireadh bliana cuntasaíochta ó thaobh CBL de, tar éis duit do thuairisceán VAT3 a dhéanamh do mhí Iúil/mí Lúnasa, tabharfar ar aghaidh chuig scáileán ionchuir i gcomhair an tuairisceáin ar shonraí trádála (RTD).

Roghnaigh '**chuir**' nuair a fhiafraítear díot ar chuir tú earraí/seirbhísí ar fáil.

### *Gabháil scáileáin 1: An fhoirm VAT RTD ar ROS*


https://www.ros.ie/ros-common-services/SSVAT-v1.html?_flowExecutionKey=_cEC70FA05-EEBB-DFF1-5822-B48EFEC6545D_kE5746C3C-BEFE-E8EE-3FC2-7E151D990!
VAT RTD Form
File Edit View Favorites Tools Help

View FAQs

**RTD is due for VAT Accounting Year -**
For traders making supplies under the 7th Directive Margin Scheme relating to the sale of second hand goods or under the Travel Agents Margin Scheme, only the margin obtained on the supply of such goods/services should be included in the figures for SUPPLIES shown.

If you have No trading details to declare for this VAT Accounting Year click the No Trade Details to Declare button:

No Trade Details to Declare

* **Amendment of VAT Return of Trading Details:** Note that there are certain technical limitations on the processing of amendments to VAT RTDs which have been filed through ROS. These can be summarised as follows:
1) Amendments cannot be made to a VAT RTD on the same day that the original Return has been submitted; and
2) Where an amended VAT RTD has already been submitted, additional amendments cannot be made on the same day that the amended RTD has been submitted.
To avoid any delays in processing, customers are advised to ensure the accuracy of Returns before submission.

* Denotes a required field

**Goods and/or Services**
Have you made supplies of Goods and/or Services? * Yes No

**Acquisitions from the European Union, including Northern Ireland**
You must record the value of goods/services at the Irish VAT rate applicable.
Did you acquire any goods or services from the European Union, Yes No

**Ullmhúchán sula ndéanfar an fhoirm VAT RTD a chomhdú**

Sula ndéanfaidh tú an VAT RTD a chomhlánú ar ROS, ba cheart duit an tábla thíos a chomhlánú leisan CBL a cuireadh ar ais sna tuairisceáin dhémhíosúla CBL 3.

| **Tréimhse CBL** | **CBL @ 13.5%** | **CBL @23%** |
|---|---|---|
| **Meán Fómhair/Deireadh Fómhair** | | |
| **Samhain/Nollaig** | | |
| **Eanáir/Feabhra** | | |
| **Márta/Aibreán** | | |
| **Bealtaine/Meitheamh** | | |
| **Iúil/Lúnasa** | | |
| **IOMLÁN AN CBL** | | |
| **Luach an tSonraisc** | **(Iomlán an CBL roinn ar 13.5 agus iolraigh faoi100.) € = Luach an tSonraisc** | **(Iomlán an CBL roinnte ar 23 agus iolraithe faoi100.) € = Luach an tSonraisc** |

**An fhoirm VAT RTD a chomhlánú ar ROS**

***Gabháil scáileáin 2: An ndearna tú earraí agus/nó seirbhísí a sholáthar***

- Má d'íoc tú CBL i rith na bliana agus go raibh an córas frithmhuirir CBL i bhfeidhm agat ba cheart duit tic a chur le "**RINNE**", féach ar ghabháil scáileáin 2 thíos
- Sa bhosca *ACS*, cuir isteach iomlán na sonrasc (roimh CBL) ag 13.5%, de réir mar a ríomhtar sa tábla achomair thuas. Beidh tromlach na sonrasc ar an ráta sin
- Sa bhosca *P1*, cuir isteach iomlán na sonrasc (roimh CBL) ag 23%, de réir mar a ríomhtar sa tábla achomair thuas.




***Gabháil scáileáin 3: Cliceáil ar 'Níl' sna codanna eile go léir den fhoirm VAT RTD***



***Seat scáileáin 4:***

**MURA ndearna tú CBL a íoc i mbliana NÍ MÓR DUIT tic a chur sa bhosca amhail an seat scáileáin thíos**




Lean ar aghaidh ach 'Sínigh agus Cuir Isteach' a roghnú.

**Má bhíonn tuilleadh eolais uait, cuir r-phost chuig primary@fssu.ie**

**nó cuir glao ar 01 910 4020**

**An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais**

Meán Fómhair 2022